Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 42

# Forbairt Tuaithe agus Pobail

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas a ghabhann leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riar na hOifige sin agus chun deontais a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €4.233 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha le haghaidh cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2022*,* i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de na nithe seo a leanas.

***Íocaíochtaí le Pobal***

Déantar cistí a réamhíoc Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh le Pobal sa bhliain i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha sa bhliain (féach nóta 6.3).

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar don Roinn seo.

Is é Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt (Vóta 24) a sholáthraíonn na seirbhísí comhroinnte airgeadais. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt á rá go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i ndáil le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéanfar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur ormsa le linn dom mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil freagracht tharmligthe ar Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) as slándáil TFC a chinntiú faoi mheabhráin tuisceana
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil ag an Roinn feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí ina bun agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Déanann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne eolas dá cuid oibre agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin leis na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Mar chuid den fhorbairt leanúnach ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, déanfaidh mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil uirthi. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéanfar obair leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Tá mionsonraí curtha ar fáil ag an Roinn maidir le dhá chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i leith chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás conradh amháin (de bhreis ar €25,000) arb ionann é agus €215,477 san iomlán (gan CBL a áireamh). Bhain an conradh sin le haersheirbhís chuig Oileáin Árann don tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 6 Meitheamh 2022 dar luach €215,477 (gan CBL a áireamh). Bhí gá leis an síneadh sin chun go bhféadfaí leanúint de sheirbhísí bunriachtanacha iompair a sholáthar agus conradh nua maidir le hoibleagáid seirbhíse poiblí fadtéarmach á chur i bhfeidhm. Fógraíodh doiciméid tairisceana do na seirbhísí sin ar e-tenders i mí Feabhra 2022. Tar éis próiseas iomaíoch, bronnadh an conradh an 7 Meitheamh 2022. Cuireadh an conradh ar áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le riachtanais níos mionsonraí. Tá rialuithe i bhfeidhm fós chun comhlíonadh a chinntiú sa réimse sin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Mionsonraítear sa chlár rioscaí chomh maith na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Tá Coiste Riosca i bhfeidhm chomh maith chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta riosca agus ar a chur i bhfeidhm. Tá comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta ar an gCoiste agus tagann an coiste le chéile go ráithiúil. Déantar an clár rioscaí a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú ráithiúil.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu. Sainaithníodh i gCuntas Leithreasa 2021 saincheisteanna maidir le héilimh a rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo faoin Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire Lasmuigh d'oibreacha nach bhfuil curtha i gcrích go fóill. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo €1.253 milliún ar ais chuig an Roinn in 2022 tar éis deireadh a chur le roinnt comhaontuithe maoinithe in 2021 (dar luach €1.092 milliún), agus forchur smachtbhanna €161,000 freisin in 2021. Le linn 2022, lean an Roinn lena cuid oibre le Comhairle Contae Mhaigh Eo lena chinntiú go bhfuil socruithe rialachais comhaontaithe i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm go hiomlán. Rinne Aonad Seirbhísí Cigireachta na Roinne iniúchadh ar gach éileamh ar thionscadail Scéimeanna Tuaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo sula ndearnadh íocaíochtaí. Chomh maith leis sin, bhuail oifigigh shinsearacha ón Roinn le hoifigigh i gComhairle Contae Mhaigh Eo ar bhonn míosúil lena chinntiú go bhfuil na socruithe comhaontaithe á gcur i bhfeidhm.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Rinneadh measúnuithe ar thionchar Covid-19 agus seo a leanas na torthaí. Chuir an Roinn próisis láidre i bhfeidhm i dtús na paindéime chun próiseáil leantach íocaíochtaí agus éifeachtacht leantach na rialuithe i dtimpeallacht cianoibre a chinntiú. Forbraíodh na próisis agus na rialuithe sin i gcomhar le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt. Tá na próisis seo leabaithe go maith laistigh den eagraíocht anois. Tá siad anois ina ngnáthnós imeachta oibriúcháin agus fanfaidh siad i bhfeidhm i gcomhthéacs na cianoibre a bheith mar chuid de chur chuige oibre cumaisc.

**Mary Hurley**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

22 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

**Tuairim faoin gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Forbairt Tuaithe agus Pobail agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

3 Lúnasa 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d’fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha | | | | |
| *Bunaidh* | 202,255 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 11,860 | | | |
| *Forlíontach* | 87 | | | |
| | | 214,202 | 181,384 | 169,159 |
| B Forbairt Pobail | | | | |
| *Bunaidh* | 171,687 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 5,000 | | | |
| *Forlíontach* | 10,063 | | | |
| | | 186,750 | 203,566 | 171,164 |
| C An tÚdarás Rialála Carthanas | | 4,606 | 4,292 | 4,127 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 378,548 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 16,860 | | | |
| *Forlíontach* | 10,150 | | | |
| | | **405,558** | **389,242** | **344,450** |
| *Lúide* | | | | |
| D **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **53,250** | **55,667** | **81,580** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Bunaidh* | 325,298 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 16,860 | | | |
| *Forlíontach* | 10,150 | | | |
| | | **352,308** | **333,575** | **262,870** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar na leithreasaí uile nó cuid de na leithreasaí le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil nár caitheadh a thabhairt anonn le haghaidh caiteachais sa bhliain dár gcionn. Tugadh €14.5 milliún de leithdháiltí nár caitheadh i ndáil le gnéithe caipitil fho-mhírchinn A.6 Forbairt réigiúnach eacnamaíoch, A.7 Athghiniúint agus forbairt tuaithe, agus B.10 Forbairt na leabharlainne ar aghaidh go 2023 (féach nóta 6.4).

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 18,732,854 | 58,310,228 |
| Géilleadh iarchurtha | (14,500,000) | (16,860,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **4,232,854** | **41,450,228** |

**Mary Hurley**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

22 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 376,889 | 333,120 |
| Pá | | 11,155 | 10,394 |
| Neamhphá | | 1,198 | 936 |
| **Ollchaiteachas** | | **389,242** | **344,450** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **55,667** | **81,580** |
| **Glanchaiteachas** | | **333,575** | **262,870** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (1,388) | | |
| Dímheas | 345 | (1,043) | 342 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | 7,882 | 12,276 |
| Laghdú ar fhardail | | 10 | (5) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **340,424** | **275,483** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,916 | 1,881 |
| **Glanchostas an chláir** | | **342,340** | **277,364** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 1 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 194 | 185 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,107 | 1,123 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 23 | 21 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart | 350 | 341 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 242 | 210 |
| | | **1,916** | **1,881** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 11,398 | 10,355 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 15,545 | 17,864 |
| Fardail | 2.3 | — | 10 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 7,348 | 21,363 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 30,578 | 24,368 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 69 | 71 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **53,540** | **63,676** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 139 | 62 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 1,111 | 1,066 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 14,503 | 16,869 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **15,753** | **17,997** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 37,787 | 45,679 |
| **Glansócmhainní** | | **49,185** | **56,034** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.10 | **49,185** | **56,034** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Foirgnimh | TF agus trealamh agus oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 11,602 | 1,006 | 210 | 12,818 |
| Breiseanna | 1,340 | 48 | — | 1,388 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 12,942 | 1,054 | 210 | 14,206 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 1,560 | 838 | 65 | 2,463 |
| Dímheas don bhliain | 234 | 90 | 21 | 345 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 1,794 | 928 | 86 | 2,808 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **11,148** | **126** | **124** | **11,398** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 10,042 | 168 | 145 | 10,355 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

Is ionann an banc agus airgead tirim agus na hiarmhéideanna a bhí ann ag deireadh na bliana i gcuntas Phámháistir Ginearálta na Roinne.

## 2.3 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 [a] | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | — | 5 |
| Earraí inchaite TF | — | 5 |
| | — | **10** |

Nóta [a] Ag tosú in 2022, déantar míreanna ardtoirte agus íseal-luacha a ghearradh go hiomlán sa bhliain agus ní aicmítear iad a thuilleadh mar mhíreanna stoic.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| An ciste um athghiniúint agus forbairt tuaithe | — | 7,705 |
| Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte | — | 1,723 |
| An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh | 296 | — |
| Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne | — | 2,944 |
| Forbairt eacnamaíoch réigiúnach | — | 2,946 |
| An Clár um Sheirbhísí Pobail | 3,792 | 1,035 |
| Tacaí tuaithe | 2,171 | 2,450 |
| LEADER – fochlár geilleagair tuaithe | 1,012 | 2,368 |
| Bearta na gcuntas díomhaoin | — | 125 |
| Riarachán | 77 | 67 |
| | **7,348** | **21,363** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Fo-mhírcheann** | **Cur Síos** | | |
| A.5 | LEADER – fochlár geilleagair tuaithe | 8,083 | 8,189 |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe – scéim um bonneagar caithimh aimsire lasmuigh | 5,350 | 1,253 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 17,145 | 14,926 |
| | | **30,578** | **24,368** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022<br>€000 | 2021<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna na bpasanna taistil | 22 | 17 |
| Tionscnamh bia LEADER | 46 | — |
| Tuarastail ar fionraí | — | 52 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 1 | 2 |
| | **69** | **71** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Seirbhísí agus tacaíocht TF | 5 | 7 |
| Fabhruithe clár sainiúil | 110 | 39 |
| Caiteachais riaracháin | 18 | 11 |
| Fabhruithe eile | 6 | 5 |
| | **139** | **62** |

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 221 | 190 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 117 | 106 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 41 | 52 |
| Cáin bhreisluacha | 212 | 39 |
| | 591 | 387 |
| Bailte Slachtmhara | 449 | 612 |
| Eile | 71 | 67 |
| | **1,111** | **1,066** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 4,233 | 41,450 |
| Géilleadh iarchurtha | 14,500 | 16,860 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (4,230) | (41,441) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **14,503** | **16,869** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 15,545 | 17,864 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 69 | 71 |
| | 15,614 | 17,935 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,111) | (1,066) |
| | (1,111) | (1,066) |
| | **14,503** | **16,869** |

## 2.10 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 56,034 | 68,647 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 352,308 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (14,500) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (4,233) | | |
| Glanvóta | | | 333,575 | 262,870 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,916 | 1,881 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (342,340) | (277,364) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **49,185** | **56,034** |

## 2.11 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 156 | 292 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 140,543 | 109,106 |
| Cláir deontas caipitil | 263,290 | 244,996 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **403,989** | **354,394** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 109,106 | 106,703 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (182,062) | (163,432) |
| Ceangaltais deontas nua | 213,655 | 165,835 |
| **Iarmhéid deiridh** | **140,699** | **109,106** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 244,996 | 191,548 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (186,868) | (163,815) |
| Ceangaltais deontas nua | 205,162 | 217,263 |
| **Iarmhéid deiridh** | **263,290** | **244,996** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach I dtrí chás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.Níl aon chinnteacht ann maidir le méid iarbhír ná uainiú na ndliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána cláir a chur i láthair.

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,298 | | | |
| | *Forlíontach* | 150 | | | |
| | | | 11,448 | 11,155 | 10,394 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 410 | 265 | 95 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | | 663 | 420 | 373 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 82 | 53 | 53 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 302 | 199 | 205 |
| vi | Costais áitribh oifige | | 216 | 85 | 43 |
| vii | Comhairleoireacht agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 121 | 120 | 167 |
| viii | Taighde | | 101 | 56 | — |
| | | | **13,343** | **12,353** | **11,330** |

### Difríochtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €410,000; toradh €265,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €145,000 ar thaisteal agus cothú mar gheall ar an timpeallacht oibre cumaisc agus mar gheall ar úsáid mhéadaithe áiseanna cruinnithe ar líne, rud a d’fhág go raibh costais níos ísle fós sa réimse seo.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €663,000; toradh €420,000*

Ba é tionchar leantach na paindéime ar dheiseanna oiliúna agus forbartha agus ar chostais theagmhasacha ba chúis leis an easnamh caiteachais de €243,000 i gcoibhneas leis an meastachán. Tá cineál athraitheach ag costais athraitheacha agus bhí siad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €302,000; toradh €199,000*

Bhí an t-easnamh caiteachais de €103,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar threalamh oifige agus ar sheirbhísí TF. Tá sé doiligh leibhéal an chaiteachais sna réimsí sin a thuar, go háirithe i bhfianaise thionchar na paindéime ar chumraíochtaí oifige.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €216,000; toradh €85,000*

Bhí an t-easnamh caiteachais de €131,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chaiteachas ar áitribh oifige agus ar áiseanna i suíomhanna Bhéal an Átha agus Phointe na Tríonóide araon a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna ar uasghráduithe beartaithe.

## Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

| | | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,543 | | | |
| | | *Forlíontach* | 87 | | | |
| | | | | 6,630 | 6,895 | 6,427 |
| A.2 | Riarachán–− neamhphá | | | 1,011 | 715 | 500 |
| A.3 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | | | 2,266 | 2,325 | 2,150 |
| A.4 | Tacaí tuaithe [a] | | | 30,872 | 34,337 | 31,928 |
| A.5 | LEADER – fochlár geilleagair tuaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 48,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,000 | | | |
| | | | | 52,000 | 51,984 | 55,954 |
| A.6 | Forbairt eacnamaíoch réigiúnach | | | 3,380 | 1,902 | 3,836 |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe [b] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 97,000 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 11,860 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | | 104,860 | 70,367 | 58,011 |
| A.8 | Oileáin | | | 13,183 | 12,859 | 10,353 |
| | | | | **214,202** | **181,384** | **169,159** |

Nótaí [a] A.4 – Áirítear le tacaí tuaithe an clár CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus Scéim na Siúlóidí.

[b] A.7 – Is éard atá i gceist le hathghiniúint agus forbairt tuaithe ná an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte (TVRS), agus an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS).

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €32.731 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Bhí caiteachas riaracháin €56,000 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus míníodh é cheana féin. Bhí iarmhéid na difríochta de €32.787 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas den chuid is mó:

**A.4 Tacaí tuaithe**

*Soláthar meastacháin €30.872 milliún; toradh €34.337 milliún*

Cuireann an fo-mhírcheann seo maoiniú ar fáil do roinnt scéimeanna, lena n-áirítear scéim na siúlóidí, CLÁR agus LIS, chomh maith le roinnt tionscnamh eile a thacaíonn le forbairt tuaithe. Tháinig méadú €3.465 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin chun cinn den chuid is mó mar gheall ar éileamh breise faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil a maoiníodh ó choigilteas in áiteanna eile laistigh den vóta.

**A.5 LEADER – fochlár geilleagair tuaithe**

*Soláthar meastacháin €48 milliún; toradh €51.984 milliún*

Tháinig méadú €3.984 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc gur clár ilbhliantúil atá bunaithe ar éileamh é LEADER. Bhí an seachadadh in 2022 níos airde ná na leibhéil a rabhthas ag súil leo de réir mar a bhí an chlárthréimhse ag teacht chun deiridh.

**A.6 Forbairt eacnamaíoch réigiúnach**

*Soláthar meastacháin €3.38 milliún; toradh €1.902 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €1.478 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta ná go ndearnadh roinnt tionscadal WiFi4EU a bhí á mbainistiú ag údaráis áitiúla a chur ar ceal, a laghdú nó a mhoilliú mar gheall ar easpa trealaimh. Ní fhéadfadh ceannacháin bheartaithe trealaimh do Phointí Nasctha Leathanbhanda, amhail ballaí dóiteáin agus trealamh líonra gaolmhar, ar aghaidh mar gheall ar ghanntanais trealaimh agus ar roinnt moilleanna maidir le réiteach dearaidh a chomhaontú. Tugadh cistiú €400,000 ar aghaidh ón bhfo-mhírcheann seo freisin le húsáid in 2023.

**A.7 Athghiniúint agus forbairt tuaithe**

*Soláthar meastacháin €108.86 milliún; toradh €70.367 milliún*

Ba mar gheall ar choigiltí faoi ghné an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) den fho-mhírcheann seo a tharla an t-easnamh caiteachais de €38.493 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin. Bhí tionchar ag éifeacht leanúnach phaindéim COVID-19 ar chaiteachas ar thionscadail RRDF. Bhí tionchar ar amlínte, go háirithe maidir le tionscadail a bhí i mbun tógála, ag an éileamh ard ar chonraitheoirí ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, tá gá le hathbhreithniú mionsonraithe ar chostais i mórán cásanna de bharr méaduithe ar chostais boilscithe. Baineadh úsáid as an gcoigilteas in áiteanna eile chun seachadadh breise a mhaoiniú faoin gclár Leader, faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil, faoin gClár um Fheabhsú Pobail agus faoi thacaí do mhuintir na hÚcráine. Tugadh cistiú €12.9 milliún ar aghaidh freisin le húsáid in 2023.

## Clár B Forbairt Pobail

| | | | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,679 | | | |
| | *Forlíontach* | 63 | | | |
| | | | 4,742 | 4,222 | 3,931 |
| B.2 | Riarachán–− neamhphá | | 854 | 474 | 430 |
| B.3 | Tacaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,345 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | 28,345 | 33,774 | 17,542 |
| B.4 | SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 51,066 | 56,064 | 45,066 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | | 2,405 | 2,308 | 2,399 |
| B.6 | Tacaí do phobail faoi mhíbhuntáiste | | 7,500 | 7,500 | 6,500 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | | 12,570 | 12,302 | 12,481 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 6,967 | 8,467 | 6,967 |
| B.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | | 1,179 | 1,389 | 1,179 |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne | | 7,731 | 5,398 | 7,731 |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail | | | | 8,048 |
| | *Soláthar meastacháin* | 9,501 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,000 | | | |
| | | | 14,501 | 24,998 | |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | | 48,890 | 46,670 | 48,890 |
| B.13 | Ciste Cobhsaíochta Covid-19 | | — | — | 10,000 |
| | | | **186,750** | **203,566** | **171,164** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €26.879 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Bhí sé sin comhdhéanta d’easnamh caiteachais de €837,000 i ndáil le caiteachas riaracháin, a míníodh roimhe seo, agus méadú €27.716 milliún ar chaiteachas cláir eile. Bhí an caiteachas breise sin mar gheall ar an méid seo a leanas den chuid is mó.

**B.3 Tacaí don earnáil phobail agus dheonach**

*Soláthar meastacháin €18.345 milliún; toradh €33.774 milliún*

An méadú ar chaiteachas de €15.429 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh, is é is cúis go príomha leis an scéim Tacaíochta Fuinnimh d’eagraíochtaí pobail agus deonacha, a dhírigh ar eagraíochtaí nach bhfuil cumhdaithe ag scéimeanna tacaíochta fuinnimh eile de chuid an rialtais; agus caiteachas €5.5 milliún chun tacaí pobail agus deonacha don Úcráin a mhaoiniú.

**B.4 An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail**

*Soláthar meastacháin €51.066 milliún; toradh €56.064 milliún*

Tharla méadú €4.998 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar €5 mhilliún breise chun tacaíochtaí SICAP don Úcráin a mhaoiniú.

**B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastacháin €6.967 milliún; toradh €8.467 milliún*

Tharla méadú €1.5 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar riachtanais chaipitil bhreise SEUPB faoi chlár PEACE IV.

**B.9 Sábháilteacht Uisce na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €1.179 milliún; toradh €1.389 milliún*

Tharla an méadú €210,000 ar chaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chostais a bhaineann le méadú ar mhóiminteam a thógáil, oiliúint rialachais do chomhaltaí boird agus d’fhostaithe, agus íocaíocht socraíochta aonuaire a ceanglaíodh a íoc in 2022.

**B.10 Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte**

*Soláthar meastacháin €7.731 milliún; toradh €5.398 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €2.333 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin ná go raibh moill ar thionscadail chaipitil nó nár cuireadh tús leo mar gheall ar shaincheisteanna soláthair tógála. Bhí moill ar thionscnaimh ‘Mo Leabharlann Oscailte’ a cheadú mar chúis le toradh a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis freisin. Úsáideadh €1 mhilliún den choigilt le haghaidh costais mhéadaithe faoi B.8 PEACE. Ina theannta sin, tugadh maoiniú €1.2 milliún ar aghaidh ón réimse sin lena úsáid in 2023.

**B.11 An Clár um Fheabhsú Pobail**

*Soláthar meastacháin €14.501 milliún; toradh €24.998 milliún*

Tharla méadú €10.497 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an éileamh suntasach ar Chiste Infheistíochta na Lárionad Pobail agus ar an gCiste Tacaíochta Pobail.

## Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán – pá | 76 | 37 | 36 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | 30 | 10 | 7 |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | 4,490 | 4,244 | 4,084 |
| C.4 | An Binse Achomhairc Carthanas | 10 | — | — |
| | | **4,606** | **4,291** | **4,127** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000).

**C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas**

*Soláthar meastacháin €4.49 milliún; toradh €4.244 milliún*

Tháinig an t-easnamh caiteachais de €246,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin chun cinn mar gheall ar chostais chláir a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar mhoilleanna leantacha ar earcaíocht.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ranníocaíochtaí ilghnéitheacha | 100 | 5,375 | 36,734 |
| 2 | LEADER – fochlár geilleagair tuaithe | 33,200 | 32,577 | 31,278 |
| 3 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 3,000 | 4,978 | 690 |
| 4 | Cuntais dhíomhaoine – caiteachas cláir | 12,570 | 12,302 | 12,481 |
| 5 | An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail | 4,000 | — | — |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 380 | 435 | 397 |
| **Iomlán** | | **53,250** | **55,667** | **81,580** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000).

**1 Ranníocaíochtaí ilghnéitheacha**

*Meastachán €100,000; réadaithe €5.375 milliún*

Is iad seo a leanas na cúiseanna leis na fáltais bharrachais €5.275 milliún le haghaidh 2022:

a) Forchúiteamh an mhaoinithe tionscadail faoin Scéim um Bonneagar Caitheamh Aimsire Lasmuigh, ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, dar luach €1.253 milliún, de bhun thorthaí na hiniúchóireachta agus na cigireachta in 2021. Ní rabhthas cinnte go bhfabhródh an maoiniú seo tráth a bhí an meastachán á ullmhú.

b) Forchúiteamh €3.412 milliún ó údaráis áitiúla faoi raon beart faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte toisc nárbh fhéidir oibreacha a chur i gcrích laistigh de sprioc-amanna na scéime agus gur cuireadh ar ais an maoiniú a réamhíocadh, mar ba ghá. Ba é Sráid-dreacha Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte an príomhbheart a ndearnadh €2.651 milliún a fhorchúiteamh ina leith. Nuair a bhí an meastachán á ullmhú, bhíothas ag súil go gcaithfeadh na scéimeanna sin na suimeanna íoctha ina n-iomláine.

c) Baineann an difríocht eile de €610,000 le forchúitimh níos lú den chineál céanna ó raon scéimeanna deontais nach rabhthas ag súil leo tráth ullmhú an mheastacháin a, lena n-áirítear ORIS (€306,000), an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (€150,000) agus Áineas Tuaithe (€50,000). Forchúitíodh €3.412 milliún ó údaráis áitiúla faoi raon beart faoin Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte toisc nárbh fhéidir oibreacha a chur i gcrích laistigh de sprioc-amanna na scéime agus gur cuireadh ar ais an maoiniú a réamhíocadh, mar ba ghá. Ba é Sráid-dreacha Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte an príomhbheart a ndearnadh €2.651 milliún a aisíoc ina leith. Nuair a bhí an meastachán á ullmhú, bhíothas ag súil go gcaithfeadh na scéimeanna sin na suimeanna íoctha ina n-iomláine.

**3 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Meastachán €3 mhilliún; réadaithe €4.978 milliún*

Tá an méadú €1.978 milliún mar gheall ar fháltais a rabhthas ag súil leo in 2021 gan a bheith eisithe go dtí 2022.

**5 An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail**

*Meastachán €4 mhilliún; réadaithe €nialas*

Feidhmíonn an Roinn seo clár ar a dtugtar an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail atá incháilithe do mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE).

Formheasadh maoiniú iomlán €40 milliún ó CSE. As sin, fuair RFTP €36 mhilliún in 2021, agus íocfar an €4 mhilliún atá fágtha tar éis don Choimisiún Eorpach iniúchadh a dhéanamh ar an gclár.

Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, arb í an t-údarás bainistíochta do CSE í, in iúl ar dtús go bhfaigheadh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an tsuim atá fágtha in 2022. Áiríodh é i bpróifíl leithreasaí-i-gcabhair an Vóta ar an mbonn sin. Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in iúl nach bhfaighfí í in 2022, toisc nach mbeadh an próiseas iniúchóireachta críochnaithe faoin am sin.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 16 | 7 |
| Géilleadh deonach tuarastal Airí | 16 | 16 |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (16) | (7) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **16** | **16** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| Roinn | 172 | 166 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 80 | 76 |
| Iomlán | **252** | **242** |

Nóta [a] Áirítear soláthar foirne na ngníomhaireachtaí seo a leanas: an tÚdarás Rialála Carthanas, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann.

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 10,212 | 9,557 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 126 | 110 |
| Ragobair | 23 | 20 |
| ÁSPC an Fhostóra | 794 | 707 |
| **Pá iomlán** | **11,155** | **10,394** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr iomlán pá thar fho-mhírchinn A.1, B.1 agus C.1.

**Luach saothair na foirne gníomhaireachta**

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 4,541 | 4,074 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 25 | 31 |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 458 | 877 |
| **Pá iomlán** | **5,024** | **4.982** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr iomlán pá thar fho-mhírchinn A.3, B.9 agus C.3.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | 1 | 24,941 | 22,002 |
| Ragobair | 5 | 1 | 20,682 | 16,828 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | 1 | 25,682 | 22,444 |

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2022 | 2021 |
| | | | € | € |
| **Foireann Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 2 | 2 | 14,040 | 13,630 |
| Ragobair | — | — | — | — |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | — |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 13 | 12,313 | 9,967 |

Cuireadh pleananna téarnaimh i bhfeidhm le haghaidh gach ró-íocaíochta a tharla in 2022.

## 5.5 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Líon na bhfostaithe de chuid na Roinne ar thit a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 aníos, tá sé mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 113 | 113 |
| 60,000 | 69,999 | 22 | 18 |
| 70,000 | 79,999 | 13 | 12 |
| 80,000 | 89,999 | 15 | 14 |
| 90,000 | 99,999 | 8 | 4 |
| 100,000 | 109,999 | 2 | 6 |
| 110,000 | 119,999 | 7 | 2 |
| 120,000 | 129,999 | — | — |
| 130,000 | 139,999 | 1 | — |
| 140,000 | 149,999 | 1 | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | — |
| 170,000 | 179,999 | — | — |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | — | 1 |

## 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair na nOifigeach Cuntasaíochta don bhliain airgeadais

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Kevin McCarthy | 14,755 | 190,349 |
| Mary Hurley | 145,539 | — |
| | **160,294** | **190,349** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Tá an bheirt Oifigeach Cuntasaíochta ina gcomhaltaí de scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a dteidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2022 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| Fo-mhírcheann | Cur Síos | €000 | €000 | €000 |
| B.3 | Tacaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) [a] | 14,528 | 14,902 | 10,848 |
| B.4 | SICAP, tacaí forbartha áitiúla/réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) [a] | 2,797 | 2,890 | 2,733 |
| | | **17,325** | **17,792** | **13,581** |

Nóta [a] Is iad na scéimeanna atá páirtmhaoinithe ag maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.3 ná an Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta agus an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta. Ba é €5.371 milliún, €7.942 milliún agus €1.589 milliún faoi seach an toradh iomlán dóibh sin in 2022. Tá an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta á páirtmhaoiniú freisin ag Ciste na gCuntas Díomhaoin, i bhfianaise leibhéal an éilimh ar an scéim, agus áirítear sa toradh do 2021 agus 2022 €3 mhilliún atá á mhaoiniú trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus tá an chuid eile (i.e., €1.589 milliún in 2022) á páirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta.

Úsáidtear na deontais atá páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.4 le haghaidh obair nó tionscadail atá lasmuigh den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail de chuid na Roinne ach laistigh dá héiteas, agus díriú á leagan ar eagraíochtaí a sholáthraíonn tacaí dóibhsean atá faoi mhíbhuntáiste.

## 6.2 Maoiniú AE [a]

Áirítear sa toradh a léirítear i bhFo-mhírchinn A.5 agus B.8 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi seach. Seo a leanas meastacháin ar mhaoiniú AE agus ar thorthaí iarbhír, bunaithe ar chaiteachas agus ar rátaí cómhaoinithe:

| **Fo-mhírcheann** | **Cur Síos** | **2022 Meastachán €000** | **2022 Toradh €000** | **2021 Toradh €000** |
|---|---|---|---|---|
| A.5 | LEADER - Fochlár geilleagair tuaithe | 33,200 | 32,528 | 33,193 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 6,967 | 8,467 | 6,967 |
| | | **40,167** | **40,995** | **40,160** |

Nóta [a] Tá 62.8% agus 85% faoi seach á gcómhaoiniú ag AE ar íocaíochtaí a dhéantar faoi A.5 agus B.8.

## 6.3 Íocaíochtaí le Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn suimeanna ar fiú €92.515 milliún san iomlán iad in 2022 chun tacú leis na cláir sin mar atá leagtha amach thíos.

| Fo-mhírcheann | Cur Síos | 2022 Toradh €000 | 2021 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| A.4 | Tacaí tuaithe | 1,665 | 1,450 |
| A.5 | LEADER – fochlár geilleagair tuaithe | 834 | 1,698 |
| A.6 | Forbairt Eacnamaíoch Réigiúnach | 750 | — |
| B.3 | Tacaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 19,528 | 9,059 |
| B.4 | SICAP, tacaí forbartha réigiúnaí áitiúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 1,798 | 1,500 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | — | 107 |
| B.6 | Tacaí do phobail faoi mhíbhuntáiste | 1,236 | 1,000 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 5,098 | 3,939 |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail | 14,936 | — |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 46,670 | 48,890 |
| B.13 | Ciste Cobhsaíochta Covid-19 | — | 4,500 |
| | **Iomlán [a]** | **92,515** | **72,143** |

Nóta [a] Shainaithin POBAL méideanna ar fiú €22.843 milliún san iomlán iad agus atá fós gan chaitheamh i ndáil le híocaíochtaí 2022 (€6.86 milliún in 2021). De réir chiorclán 13/2014, cuirtear aon iarmhéideanna den sórt sin san áireamh agus íocaíochtaí á ndéanamh ina dhiaidh sin le Pobal. Baineann an méadú in 2022 le hiarmhéideanna ar láimh mar gheall ar riar dhá scéim nua in 2022, Scéim Tacaíochta Fuinnimh na hEarnála Pobail & Deonaí lenar cuireadh €10 milliún ar fáil chun deontais a éascú d'eagraíochtaí maidir le costais fuinnimh mhéadaithe in 2022 (laistigh d'fho-mhírcheann B.3 Tacaí don Earnáil Phobail agus Dheonach), agus Ciste Infheistíochta na Lárionad Pobail (laistigh d'fho-mhírcheann B.11 An Clár um Fheabhsú Pobail) a d'fhormheas íocaíochtaí deontais in 2022. Baineann na hiarmhéideanna atá idir lámha sna réimsí sin le méid na n-íocaíochtaí atá le déanamh go déanach sa bhliain, agus roinnt moilleanna ag tarlú.

## 6.4 Géilleadh iarchurtha

Is éard atá i gceist le géilleadh iarchurtha coigilteas €14.5 milliún i gcaiteachas caipitil in 2022 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2023.

| | | €000 |
|---|---|---|
| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:** | | |
| A.6 | Forbairt eacnamaíoch réigiúnach | 400 |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe | 12,900 |
| B.10 | Athnuachan na mbailte agus na sráidbhailte | 1,200 |
| | | **14,500** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn a ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an dáta ar ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht | An tréimhse chuntasaíocht a dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Pobal | 2021 | 30 Lúnasa 2022 | 18 Samhain 2022 | 25 Samhain 2022 |
| An tÚdarás Rialála Carthanas | 2021 | 23 Bealtaine 2022 | 23 Bealtaine 2022 | 1 Meitheamh 2022 |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 2021 | 22 Nollaig 2022 | 16 Eanáir 2023 | 21 Márta 2023 |
| Sábháilteacht Uisce na hÉireann | 2021 | 20 Nollaig 2022 | 21 Nollaig 2022 | 2 Feabhra 2023 |